An Turasóireacht i gConamara

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi mhargaíocht turasóireachta i gConamara. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

organisation	_____
agency	_____
a need	_____
a brand	_____
the tourism industry	_____
a guest house	_____
spokesperson	_____
collaboration	_____
to promote	_____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An dtéann tú ar laethanta saoire in Éirinn?
An síleann tú go bhfuil tuilleadh margaíochta ag teastáil chun an turasóireacht a chur chun cinn in iarthar na tíre go ginearálta?
An ndéanann an iomarca turasóireachta dochar don timpeallacht agus don chultúr?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad é an moladh atá ag Frank Fahey chun an turasóireacht a chur chun cinn i gConamara?

2. Cad atá le rá ag Frank Fahey faoi bhranda ‘Conamara’?

3. An aontaíonn Ann Ó Domhnaill le Frank Fahey, cén fáth?

4. Cad a deir GaelSaoire faoi mholadh an Teachta Dála?

Ceist 4 ‘*san Iodáil’, ‘sa Fhrainc’, ‘i Meiriceá’*

Ciallaíonn na focail thuas *‘in Italy’, ‘in France’* agus *‘in America’*. Cén fáth an bhfuil siad chomh difriúil? Déan féin agus an duine in aice leat plé ar na focail seo.

Scríobh liosta de na tíortha a raibh tú iontu go dtí seo i do shaol thíos. Ansin, scríobh ‘*in France’*, srl, in aice leis an tír. Féach ar an sampla le cuidiú leat. Nuair atá liosta déanta amach agat cuir ceist ar an duine in aice leat cad iad na tíortha a raibh sé/sí iontu go dtí seo.

An Fhrainc	**Sa Fhrainc**
Albain	**In Albain**
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Ceist 5 Tá an chanúint chéanna ag gach cainteoir sa tuairisc seo, cén chanúint atá i gceist?

Ar bhraith tú go raibh cainteoir amháin níos deacra a thuiscint ná cainteoirí eile? Cén fáth?

An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar thrí ghné den chanúint seo atá éagsúil ó na canúintí eile?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

organisation	**eagraíocht**
agency	**áisíneacht**
a need	**gá**
a brand	**branda**
the tourism industry	**an tionscal turasóireachta**
a guest house	**teach aíochta**
spokesperson	**urlabhraí**
collaboration	**comhoibriú**
to promote	**a chur chun cinn**

Ceist 2
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3

1. Is é an moladh atá aige ná móráisíneacht amháin a bhunú chun margaíocht a dhéanamh ar thurasóireacht i gConamara, molann sé margaíocht a dhéanamh ar áilleacht nádúrtha, ar chultúr agus teanga, ar chúrsaí mara agus ar chapaillíní Chonamara.
2. Is branda iontach é, tá daoine in ann labhairt leat faoi Chonamara i ngach áit, sa Bhreatain, san Iodáil, sa Fhrainc, i Meiriceá agus dar liom féin, níl muid ag déanamh an jab ceart anois chun an branda sin a chur chun cinn chomh maith agus is féidir.
3. Ní aontaíonn sí leis, tá sí den bharúil go bhfuil go leor déanta in áiteanna áirithe, thuas ar an Chlochán mar shampla, agus gur fearr díriú ar áit amháin, ón Spidéal anoir mar shampla anois le margaíocht a dhéanamh.
4. Deir *GaelSaoire*, a thugann faoi mhargaíocht turasóireachta i nGaeltacht Chonamara, nach bhfuil gá le mór-eagraíocht turasóireachta amháin. Mar a deir urlabhraí go bhfuil comhoibriú ann cheana féin idir *GaelSaoire* agus *Ireland West* chun an turasóireacht a chur chun cinn i gConamara.

Ceist 4
Is féidir a mhíniú mar seo:

Sa	= i + an = *in the*	Eg: An Spáinn – sa Spáinn
San	= I + an (roimh ghuta) = in the	Eg: An Astráil – san Astráil
i	= *in/in a*	Eg: Meiriceá – i Meiriceá
in	= *in/in a* (roimh ghuta)	Eg: Albain – in Albain

Nuair a bhíonn an t-alt leis an tír bíonn **sa** i gceist.
Tabhair seans do na foghlaimeoirí liosta de na tíortha a scríobh agus **sa/san/i/in** a chur leis na tíortha sa liosta.

Ceist 5
Seans atá anseo do na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar chanúint Chonnachta. Seo thíos 3 ghné de chanúint Chonnachta mar shampla:

1. Cén chaoi a bhfuil tú? (Conas atá tú?)
2. in éindí (in éineacht)
3. rud éicínt (rud éigin)

Eimear Ní Chonaola
Ní aontaíonn *GaelSaoire*, an eagraíocht a bhfuil cúram turasóireachta na Gaeltachta uirthi, beag nó mór, le moladh go mbunófaí móráisíneacht amháin chun margaíocht a dhéanamh ar thurasóireacht i gConamara. Is é an Teachta Dála, Frank Fahey, a rinne an moladh ach deir *GaelSaoire* nach bhfuil gá lena leithéid. Seo é Rónán Mac Con Iomaire.

Rónán Mac Con Iomaire
Tá Conamara ar cheann de na ceantair is mó aithne ó thaobh na turasóireachta de in Éirinn, ach, agus margaíocht turasóireachta an cheantair fágtha faoi eagraíochtaí éagsúla ar nós *Ireland West*, *Gaelsaoaire* agus *Connemara Tourism*, tá imní léirithe nach bhfuil an ceantar seo á chur chun cinn ar an mbealach is éifeachtaí. Chuige sin tá sé molta ag an Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil, Frank Fahey, go mbunófaí áisíneacht amháin chun margaíocht ar Chonamara ina iomláine agus go ndéanfaí forbairt ar an ainm Conamara mar bhranda idirnáisiúnta.

Frank Fahey, TD
Mar tá sé in ann margaíocht i bhfad níos fearr a dhéanamh ar fud an domhain ar Chonamara. Is branda iontach é, tá daoine in ann labhairt leat faoi Chonamara i ngach áit, sa Bhreatain, san Iodáil, sa Fhrainc, i Meiriceá agus dar liom féin, níl muid ag déanamh an jab ceart anois chun an branda sin a chur chun cinn chomh maith agus is féidir. Agus, tá sé in am dúinn na heagraíochtaí éagsúla a thabhairt le chéile – *Údarás na Gaeltachta*, *Fáilte Ireland* agus ar ndóigh na daoine a bhfuil páirt acu sa tionscal turasóireachta.

Rónán Mac Con Iomaire
Molann Frank Fahey gur chóir an aon-mhargaíocht a dhéanfaí ar Chonamara díriú ar áilleacht nádúrtha, ar chultúr agus teanga, ar chúrsaí mara agus ar chapaillíní Chonamara, a deir sé.

Ar an gCeathrú Rua i gcroílár Ghaeltacht Chonamara tá teach aíochta ag Ann Ó Domhnaill, os cionn trí bliana anois. Tá sise ag obair sa tionscal turasóireachta ar bhonn laethúil ach ní aontaíonn sé le Frank Fahey.

Ann Ó Domhnaill, Teach Aíochta Uí Dhomhnaill
Taobh seo tíre b'fhéidir ón Spidéal anoir agus tá a fhios agam go raibh mé ag caint faoi blianta ó shin – cósta Chonamara, tá mé ag ceapadh gur cheart b'fhéidir díriú air sin mar áit amháin, mar tá mé ag ceapadh go bhfuil an taobh eile, thuas sa Chlochán, go bhfuil a ndóthain á dhéanamh acu sin agus tá mé ag ceapadh go bhfuil sé in am againne muid féin, ar an gcósta anseo, dul agus b'fhéidir margaíocht faoi leith a dhéanamh don áit seo.

Rónán Mac Con Iomaire
Deir *GaelSaoire*, a thugann faoi mhargaíocht turasóireachta i nGaeltacht Chonamara, nach bhfuil gá le mór-eagraíocht turasóireachta amháin. Mar a deir urlabhraí go bhfuil comhoibriú ann cheana féin idir *GaelSaoire* agus *Ireland West* chun an turasóireacht a chur chun cinn i gConamara.

Rónán Mac Con Iomaire, Nuacht TG4, ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe.